An Coimisiún Eorpach

# CEARTA TOMHALTÓIRÍ IN ÉAGMAIS MARGAIDH



Márta 2019

I gcás Brexit gan mhargadh, ní bheidh feidhm a thuilleadh ag dlíthe an Aontais[1] i dtaca le cearta tomhaltóirí maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta an tarraingt siar. Faoi dhálaí áirithe, is féidir go mbeidh tomhaltóirí an Aontais cumhdaithe fós le forálacha i ndlí tomhaltóirí an Aontais má dhéanann siad ceannach sa Ríocht Aontaithe/ó thrádálaí sa Ríocht Aontaithe.

## Má cheannaím earraí ó shiopa nó ó shuíomh gréasáin sa Ríocht Aontaithe, cé na cearta atá agam mar thomhaltóir as ceann de 27 mBallstát an Aontais?

Faoi dhlí an Aontais, i gcás ina dtabharfaidh tú i gcrích conradh le trádálaí i dtír eile agus gur féidir a chruthú go ndíríonn an trádálaí sin a ghníomhaíochtaí tráchtála ar do Bhallstát cónaithe, tá feidhm ag dlí an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ort.

Ar an mbonn sin, leanfaidh cúirteanna i mBallstáit an Aontais de rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint tomhaltóirí a chur i bhfeidhm, fiú más sa Ríocht Aontaithe atá an trádálaí lonnaithe.

San áireamh ann go háirithe tá na rialacha a leagtar amach sa

- Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma
- Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí
- Treoir maidir le Téarmaí Éagóracha Conartha
- Treoir maidir le Díolacháin agus Ráthaíochtaí do Thomhaltóirí
- Treoir maidir le Praghsanna Táirgí a Chur in Iúl
- Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe

[1] Sa chomhthéacs seo, ciallaíonn “an tAontas Eorpach” 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas.

## An mbeidh orm cánacha breise nó muirir bhreise a íoc má dhéanaim ceannach ar líne ón Ríocht Aontaithe?

Má tá cónaí ort i mBallstát agus má cheannaíonn tú earraí ar líne ar gá iad a iompórtáil ón Ríocht Aontaithe, beidh ort dleacht ar iompórtálacha agus cánacha indíreacha eile (e.g. CBL) a íoc.

Beidh na hearraí uile a iompórtálfar ón Ríocht Aontaithe isteach san Aontas faoi réir seiceálacha custaim, agus cuirfear bearta toirmisc agus srianta i bhfeidhm.

Tá tuilleadh eolais anseo: https://ec.europa.eu/taxation_customs/individuals/buying-goods-services-online-personal-use_en

## Is custaiméir mé atá lonnaithe i mBallstát den Aontas Eorpach. An féidir liom agra a dhéanamh, os comhair cúirt i mBallstát den Aontas, in aghaidh trádálaí atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe?

Más tomhaltóir thú a bhfuil cónaí ort i mBallstát den Aontas agus má chinneann tú trádálaí sa Ríocht Aontaithe a thabhairt os comhair na cúirte i mBallstát, ní bheidh aon impleacht i do leith ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe más rud é gur chuir an trádálaí na hearraí ar an margadh sa tír ina bhfuil cónaí ort. Leanfaidh rialacha an Aontais d'fheidhm a bheith acu agus féadfaidh tú agra a dhéanamh in aghaidh an trádálaí sa Bhallstát den Aontas ina bhfuil cónaí ort, bíodh an trádálaí lonnaithe san Aontas nó sa Ríocht Aontaithe.

Más amhlaidh nár chuir an trádálaí atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe na hearraí ar an margadh i do Bhallstát, beidh do chearta tomhaltóra ag brath ar dhlí na Ríochta Aontaithe.

## An féidir an breithiúnas ó chúirt i mBallstát den Aontas a chur i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe tar éis dháta an tarraingt siar?

Chun go dtabharfar aitheantas sa Ríocht Aontaithe do bhreithiúnas ó chúirt i mBallstát den Aontas (agus do bhreithiúnas ó chúirt sa Ríocht Aontaithe i 27 mBallstát an Aontais) agus chun an breithiúnas sin a chur i bhfeidhm inti, beidh feidhm ag rialacha náisiúnta san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe. Sa chleachtas, ciallaíonn sin nach féidir breithiúnas ó chúirt i mBallstát den Aontas a chur i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe ach amháin má chinneann cúirt de chuid na Ríochta Aontaithe aitheantas a thabhairt don bhreithiúnas sin.

## An mbeidh mé fós in ann díospóid a réiteach lasmuigh den chúirt le trádálaí sa Ríocht Aontaithe?

Tar éis dháta an tarraingt siar, ní bheidh feidhm a thuilleadh maidir leis an Ríocht Aontaithe ag dlí an Aontais i dtaca le díospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt agus díospóidí a réiteach ar líne. Ní bheidh tú in ann an t-ardán réitithe díospóidí ar líne a úsáid a thuilleadh chun díospóidí a réiteach le trádálaithe atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe.

## An tsaoire láneagraithe a cheannaigh mé ó ghníomhaireacht taistil sa Ríocht Aontaithe – an gcosnófar fós í faoi dhlí an Aontais tar éis dháta an tarraingt siar?

Beidh sin ag brath ar cé acu a rinne an t-eagraí atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe ónar cheannaigh tú an tsaoire láneagraithe an tsaoire sin a chur ar an margadh i do Bhallstát nó nach ndearna. Má rinne, beidh oibleagáid ar an eagraí, amhail aon eagraí atá lonnaithe i dtríú tír, cosaint ar dhócmhainneacht a chur ar fáil duit de réir dhlí do Bhallstáit.

Más amhlaidh nár chuir an ghníomhaireacht taistil sa Ríocht Aontaithe an tsaoire láneagraithe ar an margadh i do Bhallstát, is i dtuilleamaí dhlí na Ríochta Aontaithe a bheidh do chearta tomhaltóra.

## An mbeidh tionchar ag Brexit ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na gcógas leighis a chuirtear ar an margadh san Aontas?

Ní bheidh. Ní bheidh aon tionchar ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ar an ardcháilíocht agus ar an tsábháilteacht a mbíonn othair san Aontas ag súil leo i leith na gcógas leighis a ghlacann siad. Is ionann cáilíocht, sábháilteacht agus éifeachtúlacht do chógas leighis a dháileann cógaslann nó a thugann dochtúir i mBallstát den Aontas tar éis dháta an tarraingt siar, agus cógais a dháiltear nó a thugtar roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe.

## An ndéanfaidh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe difear don rochtain a bheidh agam ar chógais leighis?

I bprionsabal, ba cheart nach n-athródh an rochtain atá agat ar chógais leighis. Mar sin féin, dá bhfeabhas an t-ullmhúchán a dhéantar, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh go ndéanfaí difear go sealadach do roinnt de na cógais sin a sholáthar.

Tá an Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach ag déanamh monatóireacht chúramach ar an gceist. Tá ról ag gach rialtas náisiúnta. I gcás ar bith, ní hannamh, ar an drochuair, ganntanas cógas leighis a bheith ann agus is amhlaidh atá cheana ar chúiseanna éagsúla nach mbaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe. Tá taithí ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus ag rialálaithe náisiúnta aghaidh a thabhairt air seo agus déanann siad na bearta is gá chun go gcuirfear an chomhairle cheart ar othair maidir lena gcóireáil.

## Cé na rialacha maidir le cosaint sonraí a bheidh ar chuideachtaí a chomhlíonadh agus sonraí á n-aistriú lasmuigh den Aontas acu?

A bhuí le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) is féidir sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír ach cosaintí cuí a bheith curtha i bhfeidhm ag an rialaitheoir nó an próiseálaí.

Ag seo na cosaintí sin:

- Clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí. Tá trí thacar de chlásail eiseamláireacha ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: https://ec.europa.eu/info/law/law-topic/data-protection/data-transfers-outside-eu/model-contracts-transfer-personal-data-third-countries_en
- Rialacha ceangailteacha corparáideacha: rialacha maidir le cosaint sonraí, ar rialacha iad atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá formheasta ag an údarás inniúil, agus a bhfuil feidhm acu laistigh de ghrúpa corparáideach;
- Cóid Iompair Formheasta, le cois gealltanais cheangailteacha infhorghníomhaithe an rialaitheora nó an phróiseálaí sa tír lasmuigh den Aontas mar a n-aistrítear na sonraí.
- Sásraí deimhniúcháin formheasta le cois gealltanais cheangailteacha infhorghníomhaithe an rialaitheora nó an phróiseálaí sa tríú tír.

Oifig na bhFoilseachán

© An tAontas Eorpach, 2019
Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.
Déantar beartas atáirgthe dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-76-00440-0 | doi:10.2775/640713 | NA-04-19-222-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-76-00436-3 | doi:10.2775/4376 | NA-04-19-222-GA-N |